# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

21 Aibreán 2021

An t-eagrán Gaeilge


## Reachtaíocht

Clár


II *Gníomhartha neamhreachtacha*

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

★ **Cinneadh (AE) 2021/651 ón gComhairle an 19 Aibreán 2021 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (“CGTT”) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach** ..... 1

★ **Cinneadh (AE) 2021/650 ón gComhairle an 19 Aibreán 2021 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a chuimsítear i Sceideal CLXXV an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach** ..... 2

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/652 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí agus cláir oibriúcháin na n-eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí** ..... 4


GA

* Faoin tagairt L 135 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH (AE) 2021/651 ÓN gCOMHAIRLE
## an 19 Aibreán 2021

### maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil ("CGTT") 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meitheamh 2018 d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 maidir le cionroinnt na gcuótaí ráta taraife a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

(2) Tugadh an chaibidlíocht leis an Airgintín i gcrích tráth a rinneadh an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 maidir le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ("an Comhaontú") a inisiliú an 5 Feabhra 2021.

(3) Ba cheart an Comhaontú a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a mhéid a bhaineann leis an gcaibidlíocht faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin ([1]).

*Airteagal 2*

Údaraítear leis seo Uachtarán na Comhairle chun an duine (na daoine) a ainmniú a chumhachtaítear chun an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Aibreán 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. P. ZACARIAS

---

([1]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

# CINNEADH (AE) 2021/650 ÓN gCOMHAIRLE

## an 19 Aibreán 2021

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a chuimsítear i Sceideal CLXXV an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meitheamh 2018, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 maidir le cionroinnt na gcuótaí ráta taraife a chuimsítear i Sceideal CLXXV an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

(2) Rinneadh na caibidlíochtaí le Stáit Aontaithe Mheiriceá a chur i gcrích agus an 5 Márta 2021 inisilíodh Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a chuimsítear i Sceideal CLXXV an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ("an Comhaontú").

(3) Ba cheart an Comhaontú a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a chuimsítear i Sceideal CLXXV an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, faoi réir thabhairt I gcrích an Chomhaontaithe sin ([1]).

([1]) Foilseofar téacs an Chomhaontiahte le chéile leis an gcinneadh nuair a dtugtar i gcrích é.

*Airteagal 2*

Údaraítear leis seo d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú, a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Aibreán 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. P. ZACARIAS

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/652 ÓN gCOIMISIÚN

**an 10 Feabhra 2021**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí agus cláir oibriúcháin na n-eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimhir. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 37(a)(ii) agus (vi), (b), (c)(i) agus (ii) agus (d), Airteagal 173(1)(f), Airteagal 223(2)(a) agus Airteagal 231(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Teideal II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos rialacha maidir le gníomhaíochtaí agus cláir oibriúcháin na n-eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí.

(2) Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí gníomhaíochtaí áirithe a sheachfhoinsiú. I roinnt Ballstát, is cuideachtaí móra iad na heagraíochtaí táirgeoirí, agus is minic a bhíonn leibhéil éagsúla fochuideachtaí á gcoimeád acu. Dá bhrí sin, ba cheart na forálacha maidir le seachfhoinsiú a athfhoirmliú chun cásanna a chumhdach ina ndéantar na gníomhaíochtaí a sheachfhoinsiú chuig eintitis a bhaineann go dlúth leis an táirgeoir.

(3) Le blianta beaga anuas, ní teoranta don ghéineas *Agaricus* atá táirgeadh na mbeacán a thuilleadh. Eagraíochtaí táirgeoirí a bhfuil saindlínse acu i dtáirgeadh beacán, táirgeann siad cineálacha eile beacán saothraithe ar nós *Pleurotus, Shiitaké* agus *Agrocybe*, rud a léiríonn riachtanas an mhargaidh agus tnútháin na dtomhaltóirí. Raon feidhme na bhforálacha maidir leis an mbonn lena ríomhtar luach an táirgthe mhargaithe le haghaidh beacáin atá beartaithe lena bpróiseáil, ba cheart é a leathnú dá bhrí sin chun breis cineálacha beacán saothraithe a chumhdach.

(4) I gcomhréir le tograí reachtacha an Choimisiúin le haghaidh an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) amach anseo, tá scéim cabhrach na dtorthaí agus na nglasraí le bheith comhtháthaithe i bpleananna straitéiseacha faoi CBT de chuid na mBallstát amach anseo. Go dtí go nglacfar na tograí sin, leagtar síos forálacha áirithe idirthréimhseacha i leith na mblianta 2021 agus 2022 le Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Go háirithe, chun a áirithiú go ndéanfar an scéim cabhrach sin a chomhtháthú go rianúil in CBT amach anseo, maidir le cláir oibriúcháin atá ann cheana in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí nach bhfuil a n-uastréimhse 5 bliana sroichte acu, ní fhéadfar síneadh a chur leo ach go dtí an 31 Nollaig 2022. Thairis sin, ní fhéadfar cláir

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138 25.5.2017, lch. 4).

([3]) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíocht den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 (IO L 437, 28.12.2020, lch. 1).

oibriúcháin nua in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a fhormheas ach ar feadh uastréimhse 3 bliana. Ós rud é go gcaithfidh na cláir oibriúcháin i gceist an straitéis náisiúnta a chomhlíonadh, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit síneadh a chur lena straitéis náisiúnta go dtí an 31 Nollaig 2025.

(5) Féadfar an tslánaíocht árachais a fuarthas i gcásanna áirithe ina raibh laghdú ar tháirgeadh a chur san áireamh agus luach an táirgthe mhargaithe á ríomh. Is iomchuí soiléiriú a dhéanamh maidir leis an uair atá sé le cur san áireamh, eadhon agus luach an táirgthe mhargaithe á ríomh le haghaidh na tréimhse tagartha 12 mhí ina ndéanfar an íocaíocht iarbhír.

(6) An caiteachas faoi na cláir oibriúcháin atá incháilithe do chabhair, tá sé le teorannú do na costais a tabhaíodh iarbhír. Chun críche imréiteach chaiteachas na ngníomhaíochtaí agus na mbeart faoi chláir oibriúcháin, áfach, ba cheart an úsáid a bhaineann na Ballstáit as rátaí comhréidhe, scálaí na gcostas aonaid nó cnapshuimeanna a ailíniú leis na rialacha maidir le cláir forbartha tuaithe.

(7) I gCaibidil III de Theideal II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, tá rialacha maidir le bearta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear, *inter alia*, aistarraingtí ón margadh. I dTuarascáil Speisialta Uimh. 23/2019 dar teideal "Cobhsú ioncam na bhfeirmeoirí: sraith chuimsitheach uirlisí, ach ní mór dul i ngleic le glacadh íseal ionstraimí agus le róchúiteamh" an 5 Nollaig 2019 ([4]), chuir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa imní in iúl a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe de scéim tharraingt siar na dtorthaí agus na nglasraí, go háirithe i gcás táirgí próiseáilte déanta de tháirgí a tarraingíodh siar, rud as a bhféadfadh róchúiteamh eascairt. Molann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa uasmhéid an chúnaimh airgeadais ón Aontas a shocrú le haghaidh aistarraingtí torthaí agus glasraí próiseáilte lena leithdháileadh saor in aisce d'fhonn aon éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag an róchúiteamh a sheachaint. Dá bharr sin, ba cheart é a dhéanamh soiléir sna forálacha maidir le tacaíocht le haghaidh torthaí agus glasraí próiseáilte arna dtarraingt siar ón margadh lena leithdháileadh saor in aisce, go ndearnadh íocaíochtaí le próiseálaithe chun na costais phróiseála, agus na costais sin amháin, a chúiteamh agus ba cheart an róchúiteamh a eisiamh.

(8) Ba cheart na rialacha a shoiléiriú maidir le tacaíocht le haghaidh táirgí arna dtarraingt siar ón margadh a bhaineann le cur i bhfeidhm na teorann 5 % de mhéid an táirgthe arna mhargú.

(9) Á chur san áireamh go bhfuil sé tábhachtach na hionstraimí atá ann cheana féin a chuíchóiriú, a shimpliú agus a chomhordú níos fearr agus iad a chomhlánú le gníomhaíochtaí nua i gcás inar gá, ba cheart na forálacha maidir le gníomhaíochtaí árachais buainte a ailíniú leis na rialacha maidir le cláir forbartha tuaithe.

(10) D'fhonn an beart cúnaimh theicniúil a dhéanamh níos tarraingtí mar bheart chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú, ba cheart na coinníollacha incháilitheachta a bhaineann le faighteoir an chúnaimh theicniúil a mhaolú.

(11) Ceanglaítear ar eagraíochtaí táirgeoirí meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme a gclár oibriúcháin. Ós rud é go ndearnadh Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 ón gCoimisiún ([5]) a ionadú, ba cheart an tagairt don Airteagal sin a scriosadh sna rialacha maidir leis an tuarascáil mheastóireachta i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891.

(12) Tá roinnt forálacha idirthréimhseacha imithe i léig agus ba cheart iad a bhaint.

(13) De bhun Airteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis na meánphraghsanna ualaithe taifeadta don táirgeoir ar thorthaí agus glasraí a chomhfhreagraíonn do thíopaí agus cineálacha na dtáirgí, na méideanna agus na léirithe mar a shonraítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. Chun léiriú cruinn a thabhairt ar staid an mhargaidh, ba cheart mionsonraí maidir leis an "tíopa/cineál", "léiriú/méid" agus "margaí ionadaíocha" a bhaineann le trátaí agus úlla mar a shonraítear san Iarscríbhinn sin a nuashonrú. Thairis sin, chun an córas fógartha praghais dá bhforáiltear i

([4]) ECA SR 23/2019 – Tuarascáil Speisialta maidir le Cobhsú ioncam na bhfeirmeoirí: sraith chuimsitheach uirlisí, ach ní mór dul i ngleic le glacadh íseal ionstraimí agus le róchúiteamh – https://www.eca.europa.eu/en/Pages/DocItem.aspx?did=52395

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte (IO L 138, 25.5.2017, lch. 57).

Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a ailíniú a mhéid is féidir leis na forálacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún ([6]), ba cheart liosta na dtáirgí nach mór do na Ballstáit praghsanna a fhógairt ina leith go seachtainiúil don Choimisiúin a laghdú ó 32 tháirge go 16 tháirge. Is comhionann a bheadh an liosta teoranta sin de 16 tháirge le liosta na dtáirgí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891. Ar deireadh, ba cheart an Ríocht Aontaithe a bhaint de liosta na "margaí ionadaíocha".

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"Chun críocha Airteagal 155 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, cuimsíonn an téarma "fochuideachta" aon eintiteas i slabhra fochuideachtaí. Féadfaidh na Ballstáit, áfach, seachfhoinsiú na ngníomhaíochtaí chuig eintiteas laistigh de shlabhra fochuideachtaí a eisiamh.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Déanfaidh eagraíocht táirgeoirí a bhfuil gníomhaíocht á seachfhoinsiú aici socrú tráchtála i scríbhinn i bhfoirm conartha, comhaontaithe nó prótacail le heintiteas eile lena n-áirítear ceann amháin nó níos mó dá comhaltaí nó fochuideachta nó eintiteas laistigh de shlabhra fochuideachtaí, chun an gníomhaíocht lena mbaineann a chur i gcrích. Leanfaidh an eagraíocht táirgeoirí de bheith freagrach as cur i gcrích na gníomhaíochta seachfhoinsithe a áirithiú mar aon le bainistiú, rialú agus maoirseacht fhoriomlán dhéanamh ar an socrú tráchtála a bheidh ann i dtaca leis an ngníomh a chur i gcrích.

Measfar go bhfuil an ghníomhaíocht curtha i gcrích ag an eagraíocht táirgeoirí, áfach, má tá sí curtha i gcrích ag comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí nó ag comharchumann ina bhfuil a chomhaltaí féin ina gcomharchumainn i gcás ina bhfuil an eagraíocht táirgeoirí ina comhalta de nó má tá sí curtha i gcrích ag fochuideachta nó eintiteas laistigh de shlabhra fochuideachtaí, lena gcomhlíontar an ceanglas 90 % dá dtagraítear in Airteagal 22(8).";

(2) Leasaítear Airteagal 22 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

"(f) 70 % le haghaidh beacáin stánaithe *Agaricus bisporus* agus beacáin shaothraithe eile atá leasaithe faoi sháile;";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

"10. I gcás laghdú ar tháirgeadh de bharr tubaiste nádúrtha, teagmhas aeráide, galair ainmhithe nó plandaí nó inmhíoluithe lotnaidí, féadfar aon slánaíocht árachais a fuarthas i leith gníomhaíochtaí árachais buainte a chumhdaítear le Roinn 7 de Chaibidil III, nó gníomhaíochtaí coibhéiseacha a bhainistíonn an eagraíocht táirgeoirí nó a comhaltaí ar táirgeoirí iad, de bharr na gcúiseanna sin, a chur san áireamh i luach an táirgthe mhargaithe le haghaidh na tréimhse tagartha 12 mhí ina ndéanfar an íocaíocht iarbhír.";

(3) in Airteagal 27, cuirtear isteach mír 6 a leanas:

'6. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh síneadh a chur lena straitéis náisiúnta go dtí an 31 Nollaig 2025. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i leith an chinnte maidir le síneadh.';

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fógraí a thabhairt don Choimisiún i dtaca le faisnéis agus doiciméid agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear roinnt Rialachán ón gCoimisiún (IO L 171, 4.7.2017, lch. 113).

(4) in Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfar an caiteachas faoi na cláir oibriúcháin atá incháilithe do chabhair a theorannú do na costais a tabhaíodh iarbhír.

Féadfaidh na Ballstáit rátaí comhréidhe caighdeánacha, scálaí na gcostas aonaid nó cnapshuimeanna a shocrú, áfach, ach amháin le haghaidh caiteachas a bhaineann le bearta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú.

Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh rátaí comhréidhe, scálaí costas aonaid nó cnapshuimeanna caighdeánacha difreáilte a úsáid chun saintréithe ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil a chur san áireamh.';

(5) Leasaítear Airteagal 45 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"Suim chostais iompair, sórtála agus pacáistithe na dtáirgí arna dtarraingt siar le haghaidh leithdháileadh saor in aisce na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte dá dtagraítear in Airteagail 16 agus 17 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 agus in Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann leis an Rialachán sin, curtha leis an uasmhéid tacaíochta le haghaidh na dtáirgí arna dtarraingt siar ón margadh dá dtagraítear sa mhír seo agus i mír 2 den Airteagal seo, ní bheidh sí níos mó ná an meánphraghas margaidh "ón eagraíocht táirgeoirí" nó 'ón bpróiseálaí' ar an táirge próiseáilte lena mbaineann sna 3 bliana roimhe sin.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Is mar seo a leanas a bheidh sciar na n-aistarraingtí ón margadh i dtaca le haon táirge ar leith de chuid aon eagraíocht táirgeoirí ar leith le linn bliain ar leith:

(a) ní rachaidh sé thar 10 % de mheánmhéid an táirgthe arna mhargú ag an eagraíocht táirgeoirí sin le linn na 3 bliana roimhe sin; agus

(b) ar an iomlán, ní rachaidh suim na gcéatadán i gcaitheamh 3 bliana as a chéile thar 15 nuair a chuirtear an sciar arna ríomh i gcomhréir le pointe (a) le haghaidh na bliana reatha le sciartha na n-aistarraingtí ón margadh sa dá bhliain roimhe sin arna ríomh ar bhonn mhéid an táirgthe shonraigh arna mhargú ag an eagraíocht táirgeoirí sin le linn an dá bhliain roimhe sin.

Más rud é nach bhfuil faisnéis ar fáil faoi mhéid an táirgthe arna mhargú a bhaineann le haon cheann nó gach ceann de na blianta roimhe sin, úsáidfear méid an táirgthe arna mhargú lenar aithníodh an eagraíocht táirgeoirí.

Ní chuirtear san áireamh sa chion sin, áfach, méideanna na n-aistarraingtí a dhéantar a dhiúscairt ar cheann de na bealaí dá dtagraítear in Airteagal 34(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nó ar aon bhealach eile atá formheasta ag na Ballstáit faoi Airteagal 46(2) den Rialachán seo.";

(6) in Airteagal 51, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Féadfaidh na Ballstáit maoiniú náisiúnta breise a dheonú chun tacú le bearta árachais buainte a thairbhíonn den chiste oibriúcháin. Ní bheidh an tacaíocht phoiblí iomlán le haghaidh árachas buainte níos mó ná 80 % de chostas na bpréimheanna árachais íoctha ag táirgeoirí i gcomhair árachas in aghaidh caillteanas, áfach.";

(7) in Airteagal 51a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Is eagraíocht táirgeoirí aitheanta a bheidh i bhfaighteoir an chúnaimh theicniúil, is é sin grúpa táirgeoirí nó na táirgeoirí aonair, neamhchomhaltaí d'eagraíocht táirgeoirí nó dá gcomhlachais.";

(8) in Airteagal 57(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Is i bhfoirm tuarascála a bheidh an mheastóireacht sa bhliain roimh an mbliain dheireanach de chur chun feidhme na gclár oibriúcháin.";

(9) in Airteagal 80, scriostar míreanna 2 agus 3;

(10) déantar Iarscríbhinní II, III agus VI a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Feabhra 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinní II, III, agus VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 19:

“19. Infheistíochtaí nó cineálacha gníomhaíochtaí comhchosúla nach bhfuil ar ghabháltais agus/nó áitribh na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, ná a gcomhaltaí ar táirgeoirí iad nó fochuideachta nó eintiteas laistigh de shlabhra fochuideachtaí sa chás dá dtagraítear in Airteagal 22(8).”;

(2) leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre deireanaí:

“Le haghaidh gach catagóir de chostais incháilithe dá dtagraítear sa chéad mhír, chun costais bhreise a ríomh i gcomparáid le gnáthchostais, féadfaidh na Ballstáit rátaí comhréidhe caighdeánacha, scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid nó cnapshuimeanna a shocrú.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

“3. Costais cruinnithe agus cláir oiliúna nuair a bhaineann siad leis na cláir oibriúcháin, lena n-áirítear liúntais laethúla, costais taistil agus lóistín.”;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn VI:

*“IARSCRÍBHINN VI*

**Fógra an phraghais dá dtagraítear in Airteagal 55(1)**

| Táirge | Tíopa/cineál | Léiriú/méid | Margaí Ionadaíocha |
|---|---|---|---|
| Trátaí | Cruinn | Méid 47-102 mm, ar an mórchóir, i bpacáistí 5 nó 6 kg | An Bheilg<br>An Bhulgáir<br>An Ghearmáin<br>An Ghréig<br>An Spáinn<br>An Fhrainc<br>An Iodáil<br>An Ungáir<br>An Ísiltír<br>An Pholainn<br>An Phortaingéil<br>An Rómáin |
| | Triopall | Triopaill de gach cineál má tá meánmhéid 47 mm nó níos mó ná 47 mm ag gach tráta aonair, i bpacáistí 5 nó 6 kg | |
| | Speisialta/Silíní | Trátaí scaoilte nó triopall trátaí, trátaí speisialta, má tá meánmhéid na dtrátaí aonair níos lú na 47 mm (40 mm i gcás trátaí silíní), i bpacáistí thart ar 250-500 g | |
| Aibreoga | Gach tíopa agus cineál | Méid 45-50 mm<br>Tráidirí nó pacáistí thart ar 6-10 kg | An Bhulgáir<br>An Ghréig<br>An Spáinn<br>An Fhrainc<br>An Iodáil<br>An Ungáir |
| Neachtairíní | Bia geal | Méid A/B<br>Tráidirí nó pacáistí thart ar 6-10 kg | An Ghréig<br>An Spáinn<br>An Fhrainc<br>An Iodáil |
| | Bia buí | Méid A/B<br>Tráidirí nó pacáistí thart ar 6-10 kg | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Péitseoga | Bia geal | Méid A/B<br>Tráidirí nó pacáistí thart ar 6-10 kg | An Ghréig<br>An Spáinn<br>An Fhrainc<br>An Iodáil<br>An Ungáir<br>An Phortaingéil |
| | Bia buí | Méid A/B<br>Tráidirí nó pacáistí thart ar 6-10 kg | |
| Fíonchaora boird | Gach tíopa agus cineál le síolta | Tráidirí nó pacáistí 1 kg<br>Tráidirí nó pacáistí 1 kg | An Ghréig<br>An Spáinn<br>An Fhrainc<br>An Iodáil<br>An Ungáir<br>An Phortaingéil |
| | Gach tíopa agus cineál gan síolta | | |
| Piorraí | Blanquilla | Méid 55/60, pacáistí thart ar 5-10 kg | An Bheilg<br>An Ghréig<br>An Spáinn<br>An Fhrainc<br>An Iodáil<br>An Ungáir<br>An Ísiltír<br>An Pholainn<br>An Phortaingéil |
| | Conference | Méid 60/65+, pacáistí thart ar 5-10 kg | |
| | Williams | Méid 65+/75+, pacáistí thart ar 5-10 kg | |
| | Rocha | | |
| | Abbé Fétel | Méid 70/75, pacáistí thart ar 5-10 kg | |
| | Kaiser | | |
| | Doyenné du Comice | Méid 75/90, pacáistí thart ar 5-10 kg | |
| Úlla | Braeburn | Méid 65/80, pacáistí thart ar 5-20 kg | An Bheilg<br>An tSeicia<br>An Ghearmáin<br>An Ghréig<br>An Spáinn<br>An Fhrainc<br>An Iodáil<br>An Ungáir<br>An Ísiltír<br>An Ostair<br>An Pholainn<br>An Phortaingéil<br>An Rómáin |
| | Cox orange<br>Elstar<br>Gala<br>Golden delicious | | |
| | *Jonagold* (nó *Jonagored*)<br>Idared<br>Fuji | | |
| | Shampion | | |
| | Granny smith<br>*Red delicious* agus cineálacha dearga eile<br>Boskoop | | |
| Satsúmaí | Gach cineál | Méideanna 1-X -3, pacáistí thart ar 10-20 kg | An Spáinn |
| Líomóidí | Gach cineál | Méideanna 3-4, pacáistí thart ar 10-20 kg | An Ghréig<br>An Spáinn<br>An Iodáil |
| Cleimintíní | Gach cineál | Méideanna 1-X -3, pacáistí thart ar 10-20 kg | An Ghréig<br>An Spáinn<br>An Iodáil |
| Mandairíní | Gach cineál | Méideanna 1 – 2, pacáistí thart ar 10-20 kg | An Ghréig<br>An Spáinn<br>An Iodáil<br>An Phortaingéil |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Oráistí | Salustiana<br>Navelinas<br>Navelate | Méid 3-6, pacáistí thart ar 10-20 kg | An Ghréig<br>An Spáinn<br>An Iodáil<br>An Phortaingéil |
| | Lanelate<br>Valencia late | | |
| | Tarocco | | |
| | Navel | | |
| Cóiliseacha | Gach tíopa agus cineál | Méid 16-20 cm | An Ghearmáin<br>An Spáinn<br>An Fhrainc<br>An Iodáil<br>An Pholainn |
| Ubhthorthaí | Gach tíopa agus cineál | Méid 40+/70+ | An Spáinn<br>An Iodáil<br>An Rómáin |
| Mealbhacáin uisce | Gach tíopa agus cineál | Gnáthchaighdeáin sa mhargadh ionadaíoch | An Ghréig<br>An Spáinn<br>An Iodáil<br>An Ungáir<br>An Rómáin |
| Mealbhacáin | Gach tíopa agus cineál | Gnáthchaighdeáin sa mhargadh ionadaíoch | An Ghréig<br>An Spáinn<br>An Fhrainc<br>An Iodáil” |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA